

Ar Do thaobh

Buiséad Malartach Shinn Féin 2018



Ar Do thaobh

www.sinnfein.ie/budget2018



Ar Do thaobh

Réamhrá

Tagann Cáinainéis 2018 tráth a bhfuil géarchéim gan fasach inár seirbhísí poiblí, go háirithe maidir le sláinte agus tithíocht.

Tá saoránaigh ag fáil bháis ar ár sráideanna agus bíonn ar theaghlaigh a gcuid páistí a thógáil i seomraí óstán nó i lóistín atá brúite agus róphlódaithe.

Tá beagnach 600,000 duine, arb ionann é a bheag nó a mhór agus daonra deich gcontae, ag fulaingt agus iad ag fanacht ar liostaí feithimh ospidéal. Tá cuid acu faoi phian ollmhór agus iad ag feitheamh ar obráidí atá ag teastáil go géar, agus fágtar go leor othar eile ar thralaithe ospidéal inár Rannóga T&É. Tá ag Geimhreadh fós le teacht.

Agus le linn dó seo bheith ag tarlú, tá Fine Gael agus Fianna Fáil i mbun troid bhréagach faoi chiorruithe cánach a rachaidh chun sochair go díreireach dóibh siúd a thuilleann níos mó airgid ná iad siúd a thuilleann níos lú ar an meán.

Is é an rud is mó a dhéanann idirdhealú idir Sinn Féin agus na páirtithe eile seo ná go bhfuil cearta ag saoránaigh ar sheirbhísí poiblí, cearta teach a bheith acu agus cearta ar dhínit agus iad tinn. Tá Sinn Féin ar do thaobhsa; is soiléir nach bhfuil Fine Gael ná Fianna Fáil.

Táimid soiléir air seo, agus na cúinsí seo ann, nach bhfuil aon spás ann le haghaidh ciorruithe cánach do lucht an rachmais sa cháinainéis seo agus go gcaithfear gach acmhainn atá ar fáil a úsáid le tosú ar dhul i ngleic leis na mórghéarchéimeanna in infrastruchtúr sláinte, tithíochta agus caipitil.

Is mar gheall ar bhlianta de neamart agus d'fhaillí inár seirbhísí poiblí agus rialtais bheith ag tacú le forbróirí agus le hamhantraithe réadmhaoine a tháinig na géarchéimeanna seo chun cinn.

Tá scothaicme rachmasach ann a bhaineann brabús go fóill as an ngnáthmhuintir sa stát seo.

Is leor sin.

Leis an gcáipéis seo, tá taobh roghnaithe ag Sinn Féin, taobh na gnáthmhuintire nach ndeachaigh an téarnamh chun sochair dóibh go fóill agus a bhfuil seans ag teastáil uathu.

Is mó i bhfad an sochar a bhainfí as infheistíocht a dhéanamh in ospidéil, i scoileanna agus

i dtithe ná an euro nó dhó sa bhreis sa tseachtain a gheobhaidh bunús na n-oibrithe as ciorruithe molta cánach Fhine Gael agus Fhianna Fáil.

Tá sé thar am go mbainfeadh an ghnáthmhuintir buntáiste as an ngeilleagar, ní scothaicme rachmasach amháin.

Tá an tseirbhís sláinte as feidhm; is é seo an t-am chun í a chur ar ais ag obair dúinn uile.

Tá óige na tíre seo á bhfágáil ar gcúl; ní mór todhchaí níos fearr a chruthú dóibh.

Tá neamart á dhéanamh ar sheandaoine; is é seo an t-am ar chóir go mbeadh an cúram agus an dínit atá tuillte acu.

Tá an iomarca brú ar ár dteaghlaigh, mar gheall ar chostais chúraim leanaí atá i bhfad ró-ard; is é seo an t-am chun caighdeán maireachtála níos fearr a chruthú.

Léirimid sa cháipéis seo freisin plan uailmhianach le haghaidh caiteachais chaipitil atá riachtanach má táimid le teacht slán ó thionchar na Breatimeachta ar ár ngeilleagar.

Ní mór don rialtas tabhairt ar an Dáil tacú le Sainstádas Speisialta don Tuaisceart laistigh den Aontas Eorpach le go mbeidh cosaint ag cearta gach saoránach in Éirinn.

Is é seo an t-am le haghaidh cainaisnéise, agus le haghaidh rialtais, atá ar do thaobhsa.

Príomh-mholtaí Shinn Féin:

- Rachfar i ngleic le géarchéim na dtrálaithe agus tabharfar aire do dhaoine scothaosta. Cuirfear ar fáil 500 leaba breise in ospidéal, 2 mhiliún uaireanta breise de chúnamh baile agus 2,500 pacáiste breise de chúram baile.
- Beidh 10,000 teach sóisialta agus 4,500 teach is féidir a cheannach ann
- Laghdófar faoina leath táillí naíolann le haghaidh tuismitheoirí agus beidh méadú ar phá ar fud na hearnála.
- Beidh méadú de €5 ar gach íocaíocht leasa shóisialaigh aoise oibre, €4.50 le haghaidh pinsinírí agus glacfar an tIdirphínsean ar ais, agus beidh méadú de €6 do dhaoine míchumasacha.
- Beidh níos lú ranganna ann ó bhunscoileanna ar aghaidh go hinstitiúidí teicneolaíochta, 950 post le haghaidh múinteoirí acmhainne agus SNA, agus laghdú de €500 ar tháillí mic léinn tríú leibhéal.
- Earcófar 800 garda nua agus 500 d'fhoireann shibhialtach le dul i ngleic le hoidhreacht na déine inár gcóras dlí.
- Cothromaíocht i gcúrsaí pá ar fud na hearnála poiblí.
- Plean chun tionchar na Breatimeachta a mhaolú lena n-áirítear tacaí le fiontar agus mórchlár infheistíochta caipitil.
- Is é an toradh a bheadh ar Cháinainéis Shinn Féin le haghaidh 2018 ná 5,000 oibrí sa bhreis a fhostú sa líne thosaigh agus tacódh infheistíocht bhreise Chaipitil le 16,000 post freisin.

CLÁR COMHARDAITHE GINEARÁLTA

Caiteachas Reatha	€milliún
Caiteachas	€1,717
Coigiltis	€102
Glancaiteachas Reatha	€1,615
Caiteachas Caipitiúil	
Caiteachas	€1,646
Spás fíoscach in úsáid *	€453
Cáin	
Caiteachas	€586
Ioncam	€2,004
Glanmhéadú Cánach	€1,418
Spás fíoscach **	€650

	€milliún
Caiteachas Reatha	€1,615
Caiteachas Caipitiúil	€453
Méadú Cánach	€1,418
Iarmhéideanna	€650
Spás fíoscach	€650

* Chun infheistíocht rialtais a ghríosú i gcúrsaí caipitil arb ionann é agus Ollfhoirmiú Caipitil Seasta (OCS) de réir na Rialacha Fíoscacha is féidir an infheistíocht seo a dhéanamh ar an méan thar thréimhse de cheithre bliana, agus ciallaíonn sé seo nach n-úsáidfidh méadú san OCS ach ceathrú amháin den spás fíoscach agus a úsáidfeadh méadú comhionann sa chaiteachas reatha sa chéad bhliain. Ní hionann deontais áirithe agus OCS, áfach, agus ní siad de réir smúdála agus dá bhrí sin tá siad as an áireamh.

** Comhairle Fhíoscach Chomhairleach - Ráiteas Réamhchainaisnéise 2018, Tábla 3: Spás Fíoscach le haghaidh Cháinainéis 2018 - Acmhainní Ainmiúla le haghaidh Beartha Nua, €650 milliún.

MOLTAÍ SHINN FÉIN LE HAGHAIDH CHAINÁISNÉIS 2018

CLÁR UM INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL	Iomlán €1.646 billiún
Tithe nua a sholáthar	€113 b
Infreastuctúr ospidéal agus sláinte	€100 m
Scoileanna a thógáil, deisiúcháin agus Teicneolaíocht an Eolais	€100 m
Infreastuctúr uisce	€100 m
Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha	€95 m
Iarnród Éireann	€30 m
Lánaí rothaíochta agus rochtain do dhaoine míchumasacha	€10 m
Tionscadail Thuaidh agus Theas	€20 m
Oibreacha Faoisimh Tuilte	€35 m
Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht	€22.25 m
Spórt	€4 m

AN COSTAS MAIREACHTÁLA A LAGHDÚ, INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH SA GHEILLEAGAR AGUS I SEIRBHÍSÍ POIBLÍ	Iomlán €1.717 billiún
Sláinte	€403.55 m
Tithíocht	€44.15 m
Oideachas	€118.93 m
Leanaí agus an Óige	€123.66 m
Fiontraíocht agus Poist	€63.27 m
Forbairt Réigiúnach agus an Ghaeltacht	€28.35 m
Éire na Tuaithe	€40.23 m
Ag Tacú le Forais Uile-Éireann	€9.38 m
Acmhainní do na Gardaí	€42.41 m
Iompar Poiblí	€59.55 m
Na hEalaíona agus Cultúr	€10 m
Fórsa Oibre agus Pá san Earnáil Phoiblí	€254.47 m
Coimirce Shóisialach	€475.79 m
Fuinneamh	€37.93 m
Cúnamh Forbartha Thar Lear	€5 m

COIGILTIS	Iomlán €102.31 milliún
Tuarastal agus pinsean iomarcach a laghdú	€7.57 m
Riálú na hEarnála Airgeadais	€49.7 m
Úsáid níos fearr as JobsPlus	€29 m
Fóirdheontas bliantúil ón stát le haghaidh scoileanna príobháideacha a bhaint ar shiúl thar thréimhse 5 bliana.	€16.04 m

COTHROIME I GCÚRSAÍ CÁNACH - AG TACÚ LE TEAGHLAIGH AGUS OIBRITHE	Iomlán €586.41 milliún
Cáin Maoine Áitiúil a chur ar ceal	€445 m
Oibríthe Cánach faoi €20,280 amach as USC	€64 m
Creidmheasanna cánach a mhéadú do dhaoine féinfhostaithe	€37.8 m
Bandaí ÁSPC a mhéadú de réir an mhéaduithe ar an íospá	€21.61 m
Fóirithint Tionscnaimh a leathnú le haghaidh Fionraíthe	€5 m
CBL/VRT a aisíoc ar cháin ar tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí	€13 m

CÁIN - CION COTHROM A ÍOC		lomlán €2.004 billiún
Cáin Réadmhaoine agus Chaipitiúil		
An muirear ar an dara teach a thabhairt isteach ar €400		€105 m
Cáin Fháltas Caipitiúil a mhéadú le 3% go 36%		€36 m
Dleachta Máil agus Tobhaigh		
Cáin ar Gheallghlacadóirí agus ar Gheallghlacadóireacht ar líne a leagtar ar chustaiméirí a mhéadú go 3%		€100 m
Dleacht máil a mhéadú ar bhosca toitíní le 50c		Cost neutral
Cáin thoirtmhéadrach a thabhairt isteach ar dheochanna síúcracha milsiithe ag ráta de €49.27 an heictilítear		€80 m
Tobhach bainc a mhéadú		€25 m
Dleacht stampála tráchtála		
Dleacht stampála tráchtála a mhéadú ó 2% go 4%		€188 m
Deireadh a chur le buntáiste cánach		
Deireadh a chur leis an Scéim Cuidigh le Ceannach		€40 m
An ráta 9% CBL ar leapacha óstáin a bhaint ar shiúl		€190 m
Cáin Phearsanta		
An cháin a íoctar ar ioncam aonair thar €100,000 a mhéadú le 7 cent i ngach euro		€662 m
Pinsin		
Teorainneacha ar thuilleamh le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin a laghdú		€147 m
Tairseach an Chiste Chaighdeánaigh a laghdú		€120 m
ÁSPC		
Ráta nua de 5.75% de ÁSPC fostóirí ar thuarastal thar €100,000		€286.19 m
Dul i ngleic le himghabháil Cánach, agus le gníomhaíocht ar an margadh dubh		
Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim a mhéadú le 125 le dul i ngleic le himghabháil cánach agus le gníomhaíocht ar an margadh dubh. Scéimeanna imghabhála cánach a dhruidim		€24.4 m

€3.6 milliún

an costas go dtí seo ar achomharc ar chás cánach €13 billiún Apple.

690,000

líon na ndaoine atá ar liostaí feithimh in ospidéal phoiblí.

8,300

an líon daoine a mheastar a mbeidh cónaí orthu i seirbhísí do dhaoine gan dídean ar Lá na Cáinainéise.

50%

an céadatan daoine a bhfuil cónaí orthu i seirbhísí do dhaoine gan dídean atá 24 bliain d'aois nó níos óige.

460,000

an líon daoine fásta atá ina gcónaí ag baile lena dtuismitheoirí.

€13.7 billiún

luach na réadmhaoine atá i seilbh cistí infheistíochtaí cáinéifeachtúla.

26.2%

céadatan na bpáistí i dteaghlach aontuismitheora a mhaireann faoi bhochtaineacht de shíor.

€7 billiún

luach na tradála Thuaidh/ Theas a bhféadfadh tionchar bheith ag Breatimeacht air.